FAOI CHAIBIDIL

Foilseofar an forlíonadh ealaíon seo ar nuachtáin Ghrúpa Meán Bhéal Feirste, Andersonstown News, North Belfast News agus South Belfast News, chomh maith le www.nuacht.com

LOTTERY FUNDED

Forlíonadh ealaíon in eagar ag Ciarán Ó Pronntaigh *Teagmháil: leabhar@nuacht.com*

Bean seinnte píob agus bean leagtha buamaí

Kristiina Ehin (Ilmar Lehtpere agus Pádraig Ó Snodaigh a d'aistrigh)

Shuigh bean seinnte píob ar chiumhais na leapa is d'fhair sí boinn chosa a chéile chodlataigh.

Bhí sé sa séú bliain anois de chodladh domhain, domhain.

Bhí leabhar á léamh aici anois beag ar línte bhoinn na gcos bheith mar thuar ar a raibh le teacht.

Chan fhuil aon rud le ceiliúradh ann, is baolach a shíl sí.

Ansin, go tobann, thug sí rian tanaí ag dul ón sáile ar dheis thar an aer a fhad leis an murnán mar a thosaigh na ribí fada gruaige sin a thiocfadh leo bheith ag fás ar ainmhí allta éigin.

Ú, shíl sí, *ga dóchais!*

Chuaigh sí go gealgháireach chuig an bhalcóin is thosaigh ag seinm ar a foireann píob.

Shuigh sí ar stól uaine, mhéaraigh sí an phíb thanaí, chuir an bhéalóg lena beola is mhuirnigh an taobh istigh lena hanáil.

Bealtaine a bhí ann lasmuigh is bhí na duilleoga chuile áit chomh huaine sin amhail is gur cruthaíodh an domhan díreach ag an nóiméad sin.

Sheinn an bhean is sheinn sí is mhothaigh go raibh sí ag fás as na fuaimeanna a bhí á gcruthú aici.

Níor bhean í, ina suí ar bhalcóin amháin; bhí sí thuas san aer, gleacaíocht ar bun aici ar imeall na balcóine ag princeam sa pháirc i bhfad uaithi an t-am uile, chuile áit a shrois caol a píob.

Chaith ceol a píb macallaí sa teach gairdín ar fiar ag imeall na páirce. Bhí cónaí ar bhean chiarfholtach ann sin.

I gcaitheamh a saoil is mó saghas oibre a bhí déanta aici is mó tír eachtrannach inar thaistil sí.

Anois ba é a bhí uaithi síocháin is suaimhneas le go gcruthódh sí rud fíor-mhíshuaimhneach.

Bíodh sin, a smaoinigh sí; d'oscail fuinneog an vearanda is líon a gloine le tae te ó shorcóir trí lítir.

Chaith an crann silíní ag bláthú díreach le hais an vearanda peitil tríd an fhuinneog is isteach ina gloine tae. Thug an bhean suntas do na peitil ón chrann silíní ar dhromchla dorcha a cuid tae agus dá hingne áille féin a bhí ag teacht i mbláth, ghlac anáil dhomhain is ghabh buíochas leis an bpíobaire.

Nach maith uaithi é bheith ag seinm inniu!

Céadaoin lánghealaí a bhí ann, a raibh an bhean ag fanacht le fada ar a theacht.

Inniu, theastaigh uaithi oideas a thástáil, oideas a fuair sí i siléar seantí shíonchaite.

Bhí a fhios aici cad é a dhéanfadh sí as – buamaí.

Ar tús ar fad croí cuaiche, ansin píosa tirim créafóige le rian triomaithe cos froig, ansin, seacht liach d'uisce ón titim dheiridh sneachta . . .

Chuaigh seo ar fad isteach sa phota agus chrom bean déanta buamaí í sách á shuaitheadh.

Ansin meirg seantua, gais sé neantóg óga agus sé mhála den phúdar mín rua sin a fuair sí sa siléar céanna. Maith.

Lean ag suaitheadh. Bhí bladhairí an chócaireán ina gcaor is thiontaigh beola agus gruanna na mná glasairchorcra ón teas is ón mboladh nár mothaíodh cheana.

Agus, sa deireadh, locaí cait fhirinn bháin. Bhí sin beagnach dearmadta aici.

Bhrúigh sí an pota siar ó na lasracha, chuir seál uaithi go rósanna fara ghualainn is bhrostaigh amach lán dóchais.

Bhí bean seinnte píob ag glacadh sosa, a cloigeann ina lámha, í ag amharc amach ar an tsráid.

Chonaic sí an bhean ciarghruaige gona beola glasairchorcra ag mealladh cat a theith uaithi uile ámh ag an nóiméad deiridh.

Goidé thá de dhíth ort? a d'fhiafraigh bean seinnte píob.

Locaí cait fhirinn bháin, arsa bean déanta buamaí, í teann aisti féin.

Beirfidh mé cinn ionsort nó tá fearchat bán againn, a dúirt bean seinnte píob.

Chuaigh sí siar sa seomra, d'ardaigh an siosúr, shiúil dreach cinntitheach uirthi thar an chat caol díreach go dtí a shuanchéile, d'ardaigh osán brúite leis is ghearr deich ribe ón murnán ar dheis.

Agus í á dtabhairt síos ón mbalcóin, chuimil méara na mban lena chéile agus d'amharc siad go caoin ar shúile geala a chéile.

Seinneann tú go hálainn, seinn tuilleadh, a dúirt an bhean ciarghruaige, í ag deifriú ar ais go teas an chócaireáin.

Sheinn bean seinnte píob feadh an tráthnóna. Lasadh lóchrainn sna gairdíní, bhí leamhain ag cleitearnach thart san aer éadrom earraigh.

Shuigh an bhean ciarghruaige ag bord a vearanda agus roll an taos, fionnuar ach loinnir ait leis, go buamaí.

Mhothaigh sí go raibh go hiontach bheith beo agus aidhm le do shaol agus baint amach na haidhme sin chomh gar sin nach bhfuil ach cúpla uair fágtha ag feitheamh – ar éirí mall na lánghealaí thar imill earrachúil na cathrach.

Ansin, thosaigh an bhean ag dáileadh na mbonn. Óna seál uaine rósach lig sí do na cístí beaga titim faoi sceacha i loig staighre agus go ciúin ar bhalcóiní.

Plop, thit buama bog ar an mbalcóin mar a bhí bean seinnte píob ag seinm díreach roimhe sin.

Las an bhean ciarghruaige le scaoll; bhí an buama deiridh neadaithe faoina hucht féin.

Bhí an ré os cionn na ndíonta faoi seo. Is dar airigh neach drumadóireacht ghasta láidir a chroí thiocfadh go scanrófaí iad.

Mhothaigh an bhean go raibh sí ar maos le hollchumhacht rúnda, is go raibh sí ag fuireacht fara achan bhuama i ndorchadas chiúnas log na staighrí agus na gclós.

I bhfad achair phlab doras, chuaigh síolta tobanna gaoithe tríd an pháirc chuig an ghairdín is lonnaigh lasta duilliúr crann silíní ar an mbord. Phreab catfhireann cailcbhán bean seinnte píob isteach trí fhuinneog vearanda bean leagtha buamaí, is é ag crónán leis shocraigh sé é féin síos i lár na nduilliúr crann silíní a bhí scaipthe ar an mbord.

Le solas na gealaí is an duilliúir crann silíní chonaic an bhean ciarghruaige go raibh iomlán locaí an chait ina n-áit.

Díreach ag an nóiméad sin dhúisigh céile bean seinnte píob, eisean ar dhóchas aige codladh go bás gan eolas ar bhrí na beatha.

Taobh leis mhothaigh sé an bhean, í tais le hearrach a bhí chomh gliondrach go raibh a céile dúisithe nár leamhaigh sí bogadh.

A leithéid d'oíche álainn phóg an fear an bhean is phóg sé níos dianghásaí í is níos dianghásaí fós.

Ní raibh ón bhean anois ach bheith ansin, ansin . . . Bhain an clog a chreill deiridh . . . Ansin!

Thosaigh pléascadh mall a bhí á phleanáil ó thús aimsire.

Go cumhachtach, go leanúnach, mhair sé i bhfad, is ní raibh an duine ann a bhí mar a bhí roimhe.

Ar airigh tú mé ag seinm mo phíob is tú id' chodladh? a d'fhiafraigh bean seinnte píb dá fear.

Cinnte, a d'fhreagair sé is go tobann mhothaigh sé go raibh tnáitheadh a shaoil ardaithe leis an chodladh uaidh.

Bhí míog ar an gcat bán fireann, é ag crónán leis ar an duilliúr crann silíní agus bhí bean leagtha buamaí ciarghruaige fairis.

Bhí an buama deiridh faoina hucht tar éis é féin a phléascadh as bheith ann, is taibhríodh don bhean go raibh roth muileann uisce curtha sa siúl aici, é ag teacht i mbláth.

Go mall díoscánach brúdh níos gasta agus níos gasta é ag an abhainn is thit na bláthanna bána isteach sa sruth dubh bithbhuan.

Ar dhúiseacht ar maidin di bhí a fhios aici gur leagthóir buamaí ó nádúr í – díreach mar gur seinnteoirí píob ó dhúchas daoine eile . . .

Ach nuair a chuaigh bean seinnte píob ar maidin bhí a céile éirithe roimpi, bricfeasta ullmhaithe aige di agus bainne tugtha don chat.

A leithéid de mhíorúilt a dúirt bean seinnte píob de chogar is smaoinigh sí le buíochas ar an bhean leis na beola glasairchorcra.

Lean an saol sa bhaile. Bhí buamaí nua ann is foinn úra píob dóibh sin a bhí in inmhe éisteacht.

Bhí giascán muileann uisce an ama ann agus rianta lasánta póg cianársa is úr.

Caochspota na n-aindiachaithe

Tharla go raibh cruinniú ag Éire Aindiach ag an deireadh seachtaine, grúpa nua-bhunaithe a tháinig le chéile le troid i gcoinne na ndlíthe nua diamhaslaithe atá le tabhairt isteach ag an rialtas ó dheas.

Bronnaim an teideal Gaeilge orthu cé gur eagraíocht Ghallda é go fóill (de réir a shuímh idirlín, atheist.ie, cibé) agus go bhfuil sé dírithe, dar leo féin, ar an chuid sin den tír nach bhfuil faoi chrann smola.

Shílfí nach mbeadh eagraíocht atá ag trácht ar an dochar a rinne cúrsaí creidimh ar an tír dall ar an éagóir is mó a rinne cúrsaí creidimh ar ár dtír.

Níor mhaith liom bheith diúltach faoi eagraíocht chomh nua seo a deir go bhfuil sí á tiomáint ag an réasún agus ag an smaointeoireacht ach mothaím go bhfuilimid ár ndíol faoinár luach má tá aindiachaithe ag dul a bheith sásta teacht leis an tseanfhealsúnacht polaitíochta a bhí i réim rófhada.

Cén áit a bhfuil an radacachas a mbeifí ag dúil leis ó dhaoine atá cróga go leor dúshlán a thabhairt don seanréimeas creidimh ag a raibh an dá stát faoina thionchar le fada an lá?

B'fhéidir go bhfuil daoine mar sin ina measc ach ba mhaith liom an rabhadh a thabhairt anois nach é an rud atá uainn siopa cainte eile d'fhealsaimh mheánaicmeacha agus go gcaillfimid an deis labhairt go hionraic ar chúrsaí a bhfuil tábhacht acu dár dtír.

(Agus níl mé ag iarraidh aithris a dhéanamh ar ráiteas Bhreandáin Uí Bheacháin faoi scoilt a eagrú in eagraíocht nua).

Is cuimhin liom an t-am nuair a bhí an cogadh faoi lán seoil sna sé chontae ar chuir na daonnachaithe iad féin chun cinn mar dhream a thug droim láimhe don chreideamh agus a bhí in ann seasamh taobh amuigh den 'choimhlint treibhe'.

Faraor géar cineál eile Aontachtais a bhí i gceist ag an chuid is mó acu, gan iarracht mhacánta teacht ar réiteach.

Ní chuirfidh mé 'i leith' Alan Titley nach ngéilleann sé do dhia éigin ach tá píosa aige ina shárleabhar, *Chun Doirne*, (Lagan Press, Béal Feirste, 1996) a thugann dhúshlán fileata don bhiogóideacht agus don chaolaigeantacht lena n-áirítear drochghnéithe an chreidimh.

"Tá gach rud nádúrtha. Is féidir dul in airde ar chamall nó ingneacha leanaí a stoitheadh ceann ar cheann agus tá sé breá nádúrtha óir ní féidir dul lasmuigh den nádúr. Is aontacht atá sa saol nó sa bheith bíodh na zilliúin mionábhar laistigh de. . . Tá gach gníomh barbartha de chuid an chine daoine daonna."

An bhfuilimid chun an traidisiún fealsúnachta ar a dtógann Titley a chaitheamh amach de thairbhe gur i nGaeilge atá sé?

Má táimid le dúshlán a thabhairt don Chríostaíocht ní mór dúinn tosú ag an áit cheart in ionad neamhaird a thabhairt don traidisiún Gaelach ar fad.

An meon gallda a amharcann ar gach rud Gaelach mar rud seanchaite agus pisreogach déanann sé an oiread dochair don phobal agus a dhéanfadh Críostaíocht lá ar bith.

Ciarán Ó Pronntaigh